



POLASÁÍ BÍ CINEÁLTA SCOILE
IAR-BHUNSCOIL COLÁISTE NAOMH EOIN

2026/2027
IAR-BHUNSCOIL COLÁISTE NAOMH EOIN
Inis Meáin, Oileain Árann, Co na Gaillimh

POLASÁÍ BÍ CINEÁLTA SCOILE
SCOILBHLIAIN 2026/2027

COLÁISTE NAOMH EOIN
Iar-bhunscoil

Glactha leis ag an mBord Bainistíochta ar an

10/07/26

Faofa ag an mBord Oideachas agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (BOOGR) ar an

Ullmhaíodh an Béartas seo i gcomhairle le Tuismitheoirí, Scoláirí, Baill Foirne, an Bord Bainistíochta agus an BOOGR

Síniú Príomhoide

Mairéad Ní Fhátharta

Mairéad Ní Fhátharta

Foireann na Scoile	27.03.2025	
Tuismitheoirí	29.04.2025	
Comhairle na nDaltaí	28.04.2025	
Bord Bainistíochta	10.09.2025	
Dáta athbhreithnithe	10.07.2026	

Síniú Príomhoide:

Mairéad Ní Fhátharta

Síniú Cathaoirleach:

Ciarán Ó Ceallaigh

Misean Ráiteas na Scoile

Scoil Oileáin í Coláiste Naomh Eoin a dhéanann freastal ar riachtanais oideachais iomlánach an scoláire ag déanamh cúram do chuimsiú an dalta chun barr a gcumais a bhaint amach agus chun iad a ullmhúchun a bheith in a saoránaigh gníomhach domhanda.

Déanann an scoil freastal ar fhorbairt phearsanta an dalta, ag déanamh cúram d'fholláine, de féin mhuinín agus do chumascumarsáidechun go mbeidh na scoláirí réitigh chun saol a mbeidh said bródúil as a caitheamh agus go mbeidh dúilsa bhfoghlaim fad saoil acu.

Tarlaíonn sealbhú, saibhriú agus sóisialúin árd teanga dúchais, an Ghaeilge, agus inár n-oidhreacht Ghaelach, go laethúil. Atmaisféar cáirdiúil, spreagúil a chur ar fail sa scoil.



Polasai Bí Cineálta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi.

Ghlac Bord Bainistíochta Choláiste Naomh Eoin leis an polasai seo a leanas chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

Comhlíonann an polasai seo go hiomlán ceanglais ***Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna 2024.***

Aithníonn an Bord Bainistíochta go gcuireann iompraíocht bhulaíochta as do chearta an linbh mar a leagtar amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Tá freagracht orainn go léir, mar phobal scoile, oibriú le chéile chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi agus chun déileáil leis an tionchar diúltach a bhíonn ag iompraíocht bhulaíochta.

Táimid tiomanta do chinntiú go coinnítear gach scoláire a fhreastalaíonn ar ár scoil soar ó dhiobháil agus go bhfuil folláine ár scoláirí chun tosaigh i ngach rud atá á dhéanamh againn. Aithnímid an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag iompraíocht bhulaíochta ar shaol ár scoláirí agus táimid tiomanta go hiomlán d'iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

Deimhnímid go ndéanfaimid, i gcomhréir lenár n-oibleagáidí faoi reachtaíocht chomhlíonannais, gach beart atá indéanta de réir réasúin chun ciapadh scoláirí nó baill foirne a chosc ar aon cheann de na naoi bhforas a shonraítear: inscne, stádas sibhialta, stádas clainne, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine agus a bheith mar bhall den Lucht Siúil.

Sainmhíniú ar an mbulaíocht

Tugtar sainmhíniú ar an mbulaíocht in Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht agus Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna mar iompraíocht spriocdhírthe, ar líne nó as líne a dhéanann dochar. D'fhéadfadh an dochar a dhéantar a bheith fisiciúil, sóisialta agus/nó mothúchánach. Leanann iompraíocht bhulaíochta ar aghaidh thar thréimhse ama agus bíonn neamhchothroime cumhachta i gceist ann sa chaidreamh idir beirt nó grúpaí daoine sa tsochaí. Tugtar an sainmhíniú mionsonraithe i gCaibidil 2 de ghnásanna Bí Cineálta.

Ní mór do gach scoil polasai Bí Cineálta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ina leagtar amach conas a chuireann pobal na scoile cosc ar iompraíocht bhulaíochta agus conas a théann sé i ngleic léi. Déantar foráil i gCód Iompraíochta na scoile do straitéisí chun déileáil le hionpraíocht mhíchui nach iompraíocht bhulaíochta í.

1. Sainmhíniú ar Iompraíocht Bhulaíochta:

Déantar Bulaíocht a shainmhíniú i Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht mar:

"...iompraíocht spriocdhírthe, ar líne nó as líne a dhéanann dochar. D'fhéadfadh an dochar a dhéantar a bheith fisiciúil, sóisialta agus/nó mothúchánach. Leanann iompraíocht bhulaíochta ar aghaidh thar thréimhse ama agus bíonn neamhchothroime cumhachta i gceist ann sa chaidreamh idir beirt nó grúpaí daoine sa tsochaí."

Tugtar an sainmhíniú mionsonraithe i gCaibidil 2 de ghnásanna Bí Cineálta.

Tá mórán modhanna éagsúla ina léirítear iompraíocht bhulaíochta agus ina measc sin tá bulaíocht fhisiciúil, bulaíocht ó bhéal agus bulaíocht a bhaineann le caidreamh agus is féidir léi tarlú ar líne nó as líne. Is iomaí cuspóir éagsúil atá le hiompraíocht bhulaíochta freisin agus is féidir iad sin a thuiscint ar an leibhéal aonair (mar shampla, ag iarraidh a bheith ceannasach, stádas, díoltas) agus/nó ar leibhéal na sochaí (mar shampla, bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht amhail bulaíocht chiníoch, mhíchumais, ghnéasaíoch nó LADTA+). Is minic a bhíonn tionchar láidir ag meonta, iompraíochtaí, nósanna imeachta agus dinimic chumhachta atá fréamhaithe go domhain inár sochaí ar iompar bulaíochta inár sochaí. Déantar cur síos breise ar phríomhghnéithe an mhínithe thíos:

2. Iompraíocht Spriocdhírthe:

Iompraíocht a léirítear d'aon ghnó, nach n-iarrtar agus a dhéanann dochar do dhaoine eile is ea bulaíocht, agus nuair is eol don scoláire a bhfuil an iompraíocht bhulaíochta á léiriú aige nó aici go bhféadfadh nó go bhféadfaí an leanbh nó an duine óg a fhulaingíonn an iompraíocht ar an iompraíocht mar iompraíocht dhíobhálach. Ní iompraíocht thimpisteach ná mheargánta atá sa bhulaíocht. D'fhéadfadh sé gur dochar fisiciúil a bheadh i gceist (mar shampla, díobháil phearsanta, damáiste do mhaoín nó cailleadh maoine), dochar sóisialta (mar shampla, cúlú, uaigneas, eisiáimh) agus/nó dochar mothúcháin (mar shampla, lagmheas, dúlagar, imní) agus d'fhéadfadh sé tionchar diúltach atá tromchúiseach agus fadtéarmach a bheith aige ar an scoláire a fhulaingíonn an iompraíocht bhulaíochta. Má cheapann an scoláire nó an duine óg atá ag fulaingt na hiompraíochta go bhfuil an dochar leantach fíor ach nach bhfuil sé ar intinn ag an scoláire dochar a dhéanamh, ní hionann é sin agus bulaíocht ach tá sé tábhachtach fós féin go rachfaí i ngleic leis faoi chód iompair na scoile.

3. Iompraíocht Leantach:

Patrún iompraíochta atá córasach agus a leantar ar aghaidh leis thar thréimhse ama is ea bulaíocht. Ní mheastar gurb ionann eachtraí aonair as líne ina léirítear iompraíocht dhiúltach d'aon ghnó agus a bhfuil neamhchothroime cumhachta i gceist leo agus bulaíocht ach fós féin ní mór dul i ngleic leo sin faoi chód iompair na scoile. D'fhéadfadh sé, dá bhrí sin, go measfaí gurb ionann agus bulaíocht teachtaireacht/iomhá/fiseán amháin a phostáil ar líne nuair is ródhócha go ndéanfar i/é a athphostáil nó a roinnt le daoine eile.

4. Neamhchothroime Cumhachta:

In eachtraí bulaíochta, bíonn sé deacair ar an scoláire atá ag fulaingt na bulaíochta é féin nó í féin a chosaint de bhrí go bhfuil mí-úsáid á baint as neamhchothroime cumhachta, bíodh an neamhchothroime cumhachta sin fíor nó braite. D'fhéadfadh an neamhchothroime cumhachta sin é féin a léiriú trí dhifriochtaí a bhaineann le méid, neart, aois, cumhacht an phiaghrúpa, stádas eacnamaíochta, stádas sóisialta, reiligiún, cine, bunús eitneach lena n-áirítear a bheith mar bhall de phobal an Lucht Siúil agus/nó de phobal na Romach, gnéaschlaonadh, cúinsí teaghlaigh, inscne, féiniúlacht inscne, léiriú inscne, taithí ar an gcóras cúraim, míchumas nó a bheith ag fáil oideachas speisialta. In eachtra a bhaineann le bulaíocht ar líne (nó cibearbhulaíocht) d'fhéadfadh sé go mbainfeadh an neamhchothroime cumhachta le hanaithnídeacht ar líne, inniúlacht theicniúil, seilbh ar fhaisnéis/iomhánna/fiseáin, agus gan an scoláire ar a bhfuil an iompraíocht dírithe a bheith ábalta ábhar gránna ar líne a bhaint nó éalú ón mbulaíocht.

Ní mór do gach scoil polasaí Bí Cineálta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ina leagtar amach conas a chuireann pobal na scoile cosc ar iompraíocht bhulaíochta agus conas a théann sé i ngleic léi. Déantar foráil i gCód Iompraíochta na scoile do straitéisí chun déileáil le hiompraíocht mhíchuí nach iompraíocht bhulaíochta í.

5. Iompraíocht nach iompraíocht bhulaíochta í:

Ní hionann eachtra aon uaire d'iompraíocht dhiúltach in aghaidh scoláire eile agus iompraíocht bhulaíochta. Mar sin féin, is féidir teachtaireachtaí goilliúnacha a phostáiltear ar na meáin shóisialta a mheas mar iompraíocht bhulaíochta mar go bhféadfadh pobal níos leithne iad a fheiceáil agus gur mó an seans go ndéanfar iad a roinnt go minic agus mar sin gur iompraíocht leantach atá iontu.

Ní mheastar go bhfuil iompraíocht bhulaíochta i gceist nuair a tharlaíonn easaontas idir scoláirí nó nuair nach bhfuil scoláirí ag iarraidh a bheith ina gcairde ag duine nó fanacht mar chairde ag duine mura ndéantar iarrachtaí leantacha d'aon turas duine a chiapadh, a fhágáil ar lár nó fuath don duine a chruthú i measc daoine eile lena n-áirítear grúpaí cairdis a ionramháil in aon turas.

D'fhéadfadh sé go mbeadh deacrachtaí le cumarsáid shóisialta ag roinnt scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus go gcuirfidís a gcuid riachtanas in iúl le hiompraíochtaí a d'fhéadfadh iad féin nó daoine eile a ghortú. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach in aon turas a léirítear na hiompraíochtaí sin agus nach bhfuil siad pleanáilte ach, i gcúinsí áirithe, gur freagairt uathfheidhmeach iad, nach féidir leo a smachtú.

Ní iompraíocht thimpisteach ná mheargánta atá sa bhulaíocht. Má mheasann an scoláire a bhfuil an dochar á fhulaingt aige nó aici go bhfuil fiordhochar á dhéanamh dó nó di ach nach bhfuil sé i gceist ag an scoláire eile dochar a dhéanamh, ní hionann é sin agus bulaíocht. Is féidir leis na hiompraíochtaí sin a bheith coscrach.

Déantar foráil do straitéisí chun dul i ngleic le hiompraíocht mhíchuí laistigh de Chód Iompraíochta na Scoile.

6. Iompraíocht Choiriúil:

I gcásanna áirithe, féadfar iompraíocht bhulaíochta a mheas mar iompraíocht choiriúil agus d'fhéadfadh feidhm a bheith le hiarmhairtí dlí. Is é 12 bhliain aois na freagrachta coiriúla in Éirinn.

D'fhéadfadh roinnt den iompraíocht ar líne a bheith mídhleathach agus ní mór go mbeadh a fhios ag scoláirí go mbainfeadh impleachtaí forleathana le hábhar míchuí nó dochrach a phostáil ar líne. I gcásanna a bhaineann le híomhánna dlúthphearsanta, leis an Acht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Clonta Gaolmhara, 2020 ar a dtugtar Dlí Coco freisin, déantar coir as íomhánna dlúthphearsanta a roinnt gan toiliú agus déantar coir freisin as bagairt a dhéanamh na híomhánna sin a roinnt.

Má tá foréigean fisiciúil nó bagairt foréigin i gceist le hiompraíocht bhulaíochta, d'fhéadfaí a mheas gur ionsaí atá inti.

Má tá leithcheal nó fuathchaint i gceist le hiompraíocht bhulaíochta a dhíríonn ar an scoláire agus atá bunaithe ar chine, reiligiún, eitneacht, claonadh gnéis nó bunaithe ar an scoláire a bheith mar bhall de phobal an Lucht Siúil, d'fhéadfaí é sin a mheas mar choir fuatha faoin Acht um Thoirmeasc ar Ghríosú chun Fuatha, 1989/11, agus d'fhéadfaí cúiseanna coiriúla a chur ina leith siúd a bhíonn páirteach in iompraíocht den chineál sin.

Má tá ciapadh gnéasach nó ionsaí gnéis i gceist leis an iompraíocht bhulaíochta, d'fhéadfai é sin a mheas mar iompraíocht choiriúil.

Is é an Garda Síochána an t-údarás cuí chun iompraíocht choiriúil liomhnaithe a fhiosrú.

7. Nuair atá iompraíocht bhulaíochta ina hábhar imní maidir le cosaint leanaí:

In Alt 10 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 leagtar dualgas reachtúil ar scoileanna a chinntiú, a oiread agus is féidir, mar "sholáthraí seirbhíse ábhartha" go bhfuil gach leanbh atá ag freastal ar an scoil saor ó dhíobháil fad atá sé nó sí ag freastal ar an scoil nó seachas sin ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí scoile.

Leanfar Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna gov – Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (leasaithe 2023) (www.gov.ie)

Seo a leanas samplaí d'iompraíocht bhulaíochta a d'fhéadfadh teacht chun cinn i gColáiste Naomh Eoin. Ní liosta uileghabhálach é.

Iompraíochtaí a bhaineann le gach saghas bulaíochta	Ciapadh bunaithe ar cheann ar bith de na naoi bhforas sa reachtaíocht comhionannais e.g. ciapadh gnéasach, bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníoch, etc. Forrántacht fhisiciúil Damáiste do mhaoin Leasainmneacha a ghlaoh Cleithmhagadh Pictiúir, focail i scríbhinn, nó ábhar eile a tháirgeadh, a thaispeáint nó a scalpeadh atá dírithe ar dhuine eile a imeaglú Graifítí maslach Bracadh (extortion) meaglú Gothaí maslaitheacha nó gáirsiúla Amharc' faoi leith Cur isteach ar spás pearsanta Meascán de na cinn a luaitear.
--	--

Cibearbhulaíocht	Tromaíocht: Ráflaí, bréaga nó biadán a scaipeadh chun dochar a dhéanamh do cháil duine eile Ciapadh: Teachtaireachtaí oilc, suaracha nó gáirsiúla a sheoladh chuig duine go leanúnach Pearsanú: Teachtaireachtaí maslaitheacha nó forrántacha a phostáil faoi ainm duine eile Gríosadh: Úsáid a bhaint as focail gháirsiúla nó ghríosaitheacha chun troid ar líne a spreagadh Cleasaíocht: Dallamullóg a chur ar dhuine eolas pearsanta a roinnt agus an t-eolas sin a úsáid ar líne ina dhiaidh sin Sceitheadh: Eolas nó íomhánna rúnda a phostáil nó a roinnt Leithcheal: Leithcheal a dhéanamh ar dhuine ó ghrúpa ar líne d'aon ghnó Cibear-stalcóireacht: Ciapadh agus tromaíocht leanúnach a fhágann go mbíonn eagla a b(h)eatha/a s(h)ábháilteachta ar dhuine Glaao tostach gutháin/gutháin póca Glaao maslach gutháin/gutháin póca Teachtairacht téacs mhaslach Teachtairacht ríomhphoist mhaslach Cumarsáid mhaslach ar líonraí sóisialta e.g. Facebook/Ask.fm/Twitter/YouTube nó ar chonsól cluichí Ráitis/Blaganna/Pictiúir mhaslacha idirlín Postálacha mhaslacha ar cineál ar bith teicneolaíochta cumarsáide
-------------------------	--

Iompraíocht bunaithe ar Aitheantas	Lena n-áirítear aon cheann de na naoi bhforas idirdhealúcháin a luaitear sa Reachtaíocht um Chomhionannas nscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine agus toisc gur den Lucht Taistil iad.
Homafóbach agus Trasinscne	Ráflaí a scaipeadh faoi chlaonadh gnéasach duine Fathant ar dhuine a bhfuil claonadh gnéasach difriúil aige/aici Leasainmneacha a ghlaoch, e.g. aerach, casta, lúbtha, a úsáidtear chun caitheamh anuas ar dhuine meaglú fisiciúil nó ionsaí Bagairtí
Cine, náisiúntacht, cúlra eitneach agus ballraíocht de phobal an Lucht Taistil	Idirdhealú, réamhchlaonadh, ráitis nó maslaí a bhaineann le cine, náisiúntacht, cultúr, aicme shóisialta, creideamh, cúlra eitneach nó an Lucht Taistil Leithcheal de bhun aon cheann acu seo thuas
Caidreamhach	Is éard atá i gceist anseo caidrimh a mhí-ionramháil mar bhealach chun bulaíocht a dhéanamh. Ar na hiompraíochtaí tá: Bladán maslach Leithcheal agus aonrú Neamhaird Leithcheal ó ghrúpa Cairde a bhaint de dhuine Bitseáil' Ráflaí a scaipeadh Rún a sceitheadh Caint sách ard le go gcloisfeadh an t-íobartach í Amharc' faoi leith 'nerd' a úsáid le cur isteach ar dhuine.
Gnéasach	Ráitis nó tadhall gnéasach míchuí nó gan choinne Ciapadh
Riachtanais Speisialta Oideachais, Míchumas	Leasainmneacha a ghlaoch Fathant ar dhaoine eile mar gheall ar a míchumas nó riachtanais foghlama Teacht i dtír ar leochaileachtaí daltaí eile agus ar a gcumas teoranta bulaíocht a aithint agus iad féin a chosaint Teacht i dtír ar leochaileachtaí daltaí eile agus ar a gcumas teoranta cúinsí sóisialta agus leideanna sóisialta a aithint agus iad féin a chosaint. Athris a dhéanamh ar mhíchumas duine eile Ceap magaidh a dhéanamh de dhaoine eile

Bulaíocht lena bhfuil gléasanna leictreonach páirteach ann	Glaonna fóin / fóin phóca gan chaint Glaonna fóin ionsaithe / fóin phóca Teachtaireachtaí téacs ionsaitheacha Teachtaireachtaí ríomhphoist ionsaitheacha Tagairtí ionsaitheacha / Blaganna / Pictiúir ar Láithreáin Ghréasáin
---	---

9. Na háiteanna agus na cúinsí ina bhféadfadh iompraíocht bhulaíochta tarlú

Is féidir le hionmpraíocht bhulaíochta tarlú sa seomra ranga, sna pasáistí, i spásanna sóisialta, sna leithris, ar thailte na scoile, ar líne, ar thurais agus le linn gníomhaíochtaí scoile. Déanfar maoirseacht chuif ar amanna agus áiteanna ina mbíonn na scoláirí gan mórán struchtúir, lena n-áirítear sosanna agus aistriú idir ranganna.

I gcomhthéacs oileánda Choláiste Naomh Eoin, tabharfar aird ar leith ar na turais bháid agus bhus a eagraítear don scoil, ar na pointí bailithe, ar ghníomhaíochtaí seach-churaclaim agus ar chóiríocht faoi Scéim Árann Gaeltachta. Cuirfidh an scoil inné a thagann chun cinn sna suíomhanna sin faoi bhráid na ndaoine cuif agus oibreoidh sí leis na tuismitheoirí nó na caomhnóirí agus leis na daoine fásta atá freagrach, de réir mar is cuif.

Nuair a tharlaíonn iompraíocht lasmuigh de chúram na scoile, measfaidh an scoil an tionchar atá aici ar shábháilteacht agus ar fhoghlaim na scoláirí ar scoil. Má leanann an iompraíocht ar aghaidh ar scoil, déileálfar léi de réir an pholasaí seo. Déileálfar le hábhair chosanta leanaí de réir na nósanna imeachta um chosaint leanaí.

Mír A: Forbairt/athbhreithniú ar ár polasai Bí Cineálta chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi

Tugadh deis do gach ball dár pobal scoile ionchur a bheith acu i bhforbairt/athbhreithniú an pholasaí seo.

	Dáta an Chomhairliúcháin	Modh comhairliúcháin
Foireann na Scoile	27.03.2025	Cruinniú Fóirme
Scoláirí	28.04.2025	Teacht le chéile
Tuismitheoirí	29.04.2025	Foirm Microsoft
Bord Bainistíochta	10.09.2025	Cruinniú Boird Bainistíochta
Pobal na scoile i gcoitinne (de réir mar is cuif mar shampla Mná/Fear Tí)	06.05.2025	Cruinniú
An dáta ar faomhadh an polasaí: 10/07/2026		
An dáta is déanaí a ndearnadh athbhreithniú ar an bpolasaí: 10/07/2026		

Mir B: Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc

Leagtar amach sa mhír seo na straitéisí coisctheacha an scoil. Ina masc sin tá straitéisí atá dírithe go sonrach ar iompraíocht bhulaíochta ar line a chosc, iompraíocht bhulaíochta homafóbach agus trasfhóbach, iompraíocht bulaíochta ciníche, iompraíocht bulaíocht gnéasaí agus clapadh gnéasach de réir mar is cuí. (Féach Caibidil 5 de ghnásanna Bí Cineálta).

Cur chuige na scoile ina hiomláine:

- Cur chuige na scoile ina hiomláine chun meas ar gach ball de phobal na scoile a chothú.
- **Luach na héagsúlachta** a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar dhearcaí claonta agus chun aird a tharraingt ar a dho-ghlactha is atá iompraíocht bhulaíochta.
- **Féinmheas a chothú** agus a fheabhsú i measc na ndaltaí uile trí ghníomhaíochtaí curaclaim agus seach-churaclaim araon. Tabharfar deiseanna do dhaltai féinmheas dearfach a fhorbairt trí idirghníomhaíochtaí foirmiúla agus neamhfoirmiúla.
- **Forbairt ghairme don fhoireann** go léir i dtaca leis an mbulaíocht d'fhonn a chinntiú go mbeidh tuiscint ag an bhfoireann ar fad ar cad is bulaíocht ann, ar an gcaoi a dtéann sí i bhfeidhm ar shaol na ndaltaí agus ar an ngá a bhíonn ann freagairt di agus í a chosc.
- **Maoirseacht agus monatóireacht** ar sheomraí ranga, ar phasáistí, ar thalamh na scoile, ar thurasanna scoile agus ar ghníomhaíochtaí seach-churaclaim. Tabharfar ar bhaill foirne nach mbíonn ag teagasc agus ar bhaill eile a bheith san airdeall agus eachtraí a chur in iúl do na múinteoirí ábhartha. Beidh maoirseacht i gceist leis i dtaca leis an úsáid a bhaineann daltaí as teicneolaíocht cumarsáide sa scoil.
- **Rannpháirtíocht Comhairle na Scoláirí** i dtimpeallacht shábháilte scoile a chruthú e.g. Córas páirtíochta, meantóireacht agus gníomhaíochtaí tacaíochta eile a d'fhéadfadh tacú le daltaí agus cultúr comh-mheasa agus tacaíochta a spreagadh.
- **Forbairt agus cur chun cinn Cód Frithbhulaíochta** don scoil le cur ar taispeáint i seomraí ranga agus in áiteanna poiblí sa scoil.
- **Prínteir polasaí Bí Cineálta na scoile** le daltaí agus tugtar cóip de do gach tuismitheoir/caomhnóir (gach bliain).
- **Feachtas Cairdeas** gach bliain agus seimineáir le tuismitheoirí/caomhnóirí Bliain a hAon; suirbhéanna bliantúla ar dhaltai; tionóil rialta scoile nó bhliainghrúpa faoi stiúir an phríomhoide, an leas-phríomhoide, na cinn bliana, etc.
- **Cultúr insinte a spreagadh**, agus béim faoi leith ar thábhacht na bhfinnéithe. Ar an gcaoi sin beidh muinín ag daltaí as a bheith ag insint. Tá gné seo na muiníne rithabhachtach. Ba chóir a chur in iúl go soiléir do gach dalta agus iad ag tuairisciú eachtraí bulaíochta nach ag insint ná ag sceitheadh atá siad ach ag gníomhú go freagrach. Deimhin a dhéanamh de go mbeidh a fhios ag daltaí cé dó ba chóir dóibh a insint agus conas é a dhéanamh, m.sh.
1. Dul caol díreach chuig múinteoir ag am feiliúnach, mar shampla tar eis ranga.

2. Nóta a thabhairt isteach leis an obair bhaile.
3. Glaoch gutháin a chur ar an scoil nó ar mhúinteoir sa scoil a bhfuiltear muineach as/aisti.

4. Bosca Frithbhulaíochta

5. Foirm aiseolais anaithnid

Deimhin a dhéanamh de go dtuigeann finnétithe an tábhachtach a bhaineann lena bhfeiceann siad nó lena bhfuil ar eolas acu faoin mbulaíocht atá ar bun a insint.

• **Prótacail shoiléire a shonrú chun tuismitheoir(i)/caomhnóir(i) a spreagadh dul chun na scoile más dóigh leo go bhfuil bulaíocht á déanamh ar a leanbh.**

• **Polasaí um Úsáid Inghlactha Fón & ríomhairí** a chur i bhfeidhm sa scoil lena n-áirítear na céimeanna cuí chun deimhin a dhéanamh de go ndéantar monatóireacht dhian a r úsáid na teicneolaíochta sa scoil.

Curaclam a chur i ngníomh

- Cur i ngníomh iomlán na gcuraclam SPHE agus CSPE agus na gclár RSE.
- Clár Folláine
- Forbairt Ghairme Leanúnach don fhoireann agus na cláir sin á seachadadh.
- Féachfaidh an scoil, go háirithe, i leith riachtanais bhreise na ndaltaí SEN maidir le cláir a chur i bhfeidhm agus scileanna agus straitéisí a fhorbairt a chuirfeadh ar chumas gach daltaí freagairt go cuí.

An Clapadh a Chosc

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go déanfaidh an scoil, de réir a oibleagáidí faoin reachtaíocht chomhionannais, gach beart is indéanta go praiticiúil chun daltaí agus bailli foirne a chosaint ar chiapadh gnéasach agus ar chiapadh ar aon cheann de na naoi bhforas, mar atá inscne lena náirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, treoshuíomh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Siúil.

Naisc le beartais eile

- Is iad na beartais, cleachtais agus gníomhaíochtaí scoile a bhaineann leis an mbulaíocht na;
Cód Iompair, Polasaí Cosanta Leanai, Polasaí um Úsáid ríomhairí & Fón, Tinreamh agus Gníomhaíochtaí Lasmuigh den Scoil.

Straitéisí breise i gColáiste Naomh Eoin

Beidh lá bí Cineálta sa chéad téarma gach bliain do phobal na scoile

Cuirfear ionduchtú ar fáil do scoláirí nua agus déanfar teagmháil rialta le scoláirí atá ag fanacht le teaghlaigh óstacha agus leo siúd a thaistealaíonn chuig an scoil. Déanfaidh an fhoireann teagaisc agus maoirseachta aird a thabhairt ar aonrú, ar athruithe i gcairdeas, ar easpa tinrimh agus ar imní a chuirtear in iúl go díreach nó go rúnda.

Pléifear meas, cuimsiú, bulaíocht chiníoch, bulaíocht homafóbach agus thrasfhóbach, steiréitíopaí gnéis agus clapadh gnéasach sna cláir OSPS agus Folláine, agus i ndeiseanna oiriúnacha eile sa churaclam. Múinfeadh do scoláirí conas iompar díobhálach a aithint, conas tacú go sábháilte le scoláire eile agus conas imní a thuairisciú.

Tabharfar treoir ar shábháilteacht dhigiteach, ar phostálacha i ngrúpaí comhrá agus ar chomhroinnt íomhánna. Cuirfear Polasaí Úsáide Inghlactha na scoile i bhfeidhm; nuair a

thuaireascítear ábhar ar líne, coimeádfar fianaise chuí agus tabharfar aghaidh ar a thionchar ar shaol na scoile.

Cuirfear bealaí tuairiscithe in iúl go soiléir do scoláirí, do thuismitheoirí agus do theaghlaigh óstacha. Is féidir imní a chur in iúl do mhúinteoir, don mhúinteoir ranga, don Leas-Phríomhoide nó don Phríomhoide; is féidir le thuismitheoirí teagmháil a dhéanamh le hoifig na scoile. Tabharfar deis do scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise chumarsáide acu a n-imní a chur in iúl ar bhealach a oireann dóibh.

Déanfar athbhreithniú ar éifeacht na mbeart seo trí ghuth na scoláirí, aiseolas na dtuismitheoirí agus na foirne, patrúin i dtuairiscí agus plé ag cruinnithe foirne agus boird. Déanfar coigeartú ar mhaoirseacht agus ar oideachas nuair a aithnítear áiteanna nó patrúin imní.

Mir C: Ag dul ingleic le hlomptraíocht Bhulaíochta

Seo a leanas an múinteoir/na múinteoirí atá freagrach as dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta:

- Príomhoide
- Leas-Phríomhoide
- Príomh oide cúnta 1&2
- Múinteoir Ranga
- Múinteoirí abhair

Nuair a tharlaíonn iompraíocht bhulaíochta, déanfaidh an scoil:

A chinntiú go n-éistear leis an scoláire a bhfuil iompraíocht bhulaíochta fulaingt aige/aici agus go guirtear é/i ar a s(h)uaimhneas.

Iarracht príobháideacht na ndaoine atá i gceist a chinntiú.

Gach comhrá go hiogair.

Aois agus cumas na ndaoine atá i gceist a mheas.

A éisteacht le tuairimí an scoláire a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á dhéanamh air/uirthi maidir leis an mbealach is fearr chun dul i ngleic leis an gcás.

A ghníomhú go tráthúil.

Tuismitheoirí na ndaoine atá i gceist a chur ar an eolas.

Is iad seo a leanas na céimeanna a ghlacfaidh an scoil le fáil amach an raibh iompraíocht bhulaíochta á dhéanamh, na cuir chuige a glacfar chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta agus athbhreithniú a dhanamh ar dhul chun cinn:

Gnásanna chun Bulaíocht a Fhiosrú agus Láimhseáil

Is é príomhaidhm an fhiosrúcháin ná stop a chur leis an iompraíocht bhulaíochta, sábháilteacht na scoláirí a chinntiú agus, nuair is cuí, an caidreamh a dheisiú. Déanfar teagmháil leis na

scoláirí agus leis na tuismitheoirí atá i gceist go tráthúil. Déanfar athbhreithniú leis na scoláirí agus leis na tuismitheoirí nach déanaí ná 20 lá scoile tar éis an chéad phlé leis na scoláirí atá i gceist, de réir ghnásanna Bí Cineálta.

Iompraíocht Bhulaíochta a Thuairisciú

- Féadfaidh dalta nó tuismitheoirí/caomhnóir(i) ar bith eachtraí bhulaíochta a chur in iúl do mhúinteoirí ar bith sa scoil, larrtar ar thuismitheoirí/caomhnóir(i) an scoil a chur ar an eolas faoi eachtra bulaíochta chomh luath agus is féidir ionas gur féidir leis an scoil an cás a fhiosrú.
- Iarrfar ar thuismitheoirí a chur i scríbhinn mura dteastaíon uathu go ndéanfaí imscrúdú ar chás tuairiscithe bulaíochta.
- Fiosroich agus laimhsealfaidh an múinteoir bhartha gach tuairisc.
- Ní mór do bhaill foirne teagaisc agus neamhtheagaisc, cuir i gcás rúnaithe, cúntóirí riachtanas speisialta (SNA), glantóirí aon eachtraí d'iompraíocht bhulaíochta a fheiceann siad nó a luaitear leo a chur in iúl don mhúinteoir ábhartha.

Ag dul ingléic le hIompraíocht Bhulaíochta

- Agus é/i ag fiosrú agus ag láimhseáil na bulaíochta, tabharfaidh an múinteoir (ábhartha) a b(h)reithiúnas féin féachaint ar tharla bulaíocht nó nár tharla agus conas is fearr an cás a reiteach.
- Eilítear ar thuismitheoirí/ar chaomhnóirí agus ar dhaltai comhoibriú le cibé fiosrú a dhéanfar agus cuidiú leis an scoil ceist ar bith a thiocfadh aníos a réiteach agus an caidreamh idir na páirtithe a shlánú, a oiread agus is féidir, a thúsce agus is féidir.
- Ba chóir do mhúinteoirí cur chuige fionnuar neamh-mhóthúchánach réitithe fadhbanna a ghlacadh.
- Ba chóir eachtraí a láimhseáil, a oiread agus is féidir, lasmuigh den seoma ranga d'honn príobhaid gach rannpháirtí a chinntiú.
- Agus eachtraí d'iompraíocht bhulaíochta á n-anailísiú, ba chóir don mhúinteoir abhartha iarracht a dheanamh na ceisteanna seo a fhreagairt;

1. An bhfuil **sé SPRIOCDHIRITHE**? (An bhfuil an t-iompar dirithe ar dhaltai nó ar ghrúpa daltaí ar leith?)
2. An bhfuil **DOCHAR** déanta? (An bhfuil sé i gceist go ndéanfaidh an t-iompar dochar fisiciúil, sóisialta nó mothúchánach?)
3. **ARIS & ARIS EILE?** (An leanfar den iompar arís agus arís eile?)

- Ba chóir é sin a déanamh go deas suaimhneach, agus sampla á thabhairt den chaoi ar choir deileail le coinbhleacht gan dul i muinín na forrántachta.
- Má bhíonn grúpa i gceist, ba chóir agallamh a chur ar gach duine acu.
- I gcásanna go cinnean an múinteoir bhartha gur tharla iompraíocht bhulaíochta, ba choir teagmáil a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóir(i) na bpáirtithe go luath d'fhonn an tarlúint a chur in iúl dóibh agus iniú a thabhairt ar na gníomhartha a bheifear a dhéanamh (agus tagairt á déanamh do bheartas na scoile). Ba chóir don scoil deis a thabhairt do thuismitheoirí/do chaomhnóirí plé a dhéanamh ar na bealaí lenar féidir leo tacú leis na gníomhartha atá an scoil a dhéanamh agus leis na tacaí atáthar a chur ar fail do dhaltai;
- Sa chás go ginnéan an múinteoir bhartha go raibh iompraíocht bhulaíochta ar bun ag an dalta, ba chóir a chur in iúl go soiléir dó/di an sárú a rinne sé/sí ar bheartas frithbhulaíochta na scoile agus ba chóir iarracht a dhéanamh tabhairt air/uirthi an cás a fheiceáil ó dhearcadh an dalta a d'fhulaing an bhulaíocht.

- Ní mór a chur in iúl go soiléir do gach rannpháirtí (gach tacar daltaí agus múinteoirí/caomhnóirí) i gcás ar bith a gcaitear smachtbhannaí araíonachta a chur i bhfeidhm gur ceist phríobháideach atá ann idir an dalta a bheidh faoi smachtbhanna, a t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí agus an scoil.

Gníomh leantach agus cuntas

• Agus cinneadh á dhéanamh ar déileáladh go cuí agus go leordhóthanach leis an gcás bulaíochta, ní mór don mhúinteoir ábhartha, agus breithiúnas gairmiúil thabhairt aige/aici, na cúinsi seo a leanas a ghlacadh san áireamh:

- An bhfuil deireadh tagtha leis an iompraíocht bhulaíochta;
- An bhfuil ceistenna idir na páirtithe réitithe, a oiread agus is féidir;
- An bhfuil caidreamh idir na páirtithe slánaithe, a oiread agus is féidir;
- Aiseolas ar bith a fuarthas ó na páirtithe rannpháirteacha, óna duismitheoirí/a gcaomhnóirí) nó ó phríomhoide nó ó phríomhoide tanáisteach na scoile

• Ba chóir cruinnithe leantacha ar leithligh a shocrú leis na páirtithe leashara féachaint an bhféadfai iad a thabhairt le chile tráth níos déanaí má bheidh an dalta a d'fhulaing an bhulaíocht réidh agus toilteanach.

• I gcás nach mbionn tuismitheoir(i)/caomhnóir(i) sásta gur dhéileáil an scoil leis an gcás bulaíochta de réir na ngásanna seo, ní mór gnáthaimh ghearáin na scoile a chur in iúl do na tuismitheoir(i)/caomhnóir(i), mar is cuí.

• I gcás gur bhain an/na tuismitheoir(i)/caomhnóir(i) leas as gnáthaimh ghearáin na scoile agus nach bhfuiltear sásta fós, ní mór don scoil a chur in dóibh go bhfuil an cheart acu gearán a dhéanamh leis an mBOO.

Iompraíocht Bhulaíochta a thaifeadadh

Tá sé rithábachtach go ndéanfaí gach eachtra de bhulaíocht a chuntas ar bhealach oibiachtuúil agus fíorasach. Seo a leanas gnásanna na scoile maidir le hiompraíocht bhulaíochta a chuntas agus a thuairisciú:

- Réamhdhearbhú neamhfhoirmiúil gur tharla bulaíocht
- Ní mór do gach ball foirme cuntas i scríbhinn a choinneáil d' eachtraí a fheiceann siad nó a chuirtear in iúl dóibh. Ní mór gach eachtra a thuairisciú don mhúinteoir ábhartha. Is féidir foirm réamh ullmhaithe tuairisciú ba scoile a úsáid nó is féidir le múinteoir a tuairisc féin a scríobh.
- Cé nár mhór don mhúinteoir ábhartha gach tuairisc, lena n-áirítear tuairiscí anaithnide, de bhulaíocht a fhiosrú agus a láimhseáil, ní mór don mhúinteoir ábhartha cuntas i scríbhinn a choinneáil ar na tuairiscí, ar na gníomhartha a glacadh agus ar aon phlé a rinneadh leis na rannpháirtithe
- Ní mór don mhúinteoir ábhartha gach eachtra atáthar a fhiosrú a chur in iúl don phríomhoide.

Dearbhú gur tharla bulaíocht

• Má dhearbhaíonn an múinteoir ábhartha gur tharla bulaíocht, ní mór don mhúinteoir cuntas cuí i scríbhinn a choinneáil a chuideoidh leis/léi na ceistenna a réiteach agus na caidrimh a shlánú, a oiread agus is féidir, idir na páirtithe leasmhara.

• Beidh prótacal sa scoil maidir le gach cuntas a choinníonn an múinteoir ábhartha a stóráil. • Sa chás gur chinn an scoil mar chuid dá beartas frithbhulaíochta nár mhór, i gcúinsí áirithe, an iompraíocht bhulaíochta a chuntas agus a thuairisciú laithreach bonn don Cheann Bliana/Phríomhoide nó don Phríomhoide tanáisteach de réir mar is cuí. Beidh liosta ag an scoil ag teacht le cód iompraíochta na scoile de na hiompraíochtaí a chaitear a chuntas agus a thuairisciú láithreach bonn don cheann bliana/phríomhoide.

Coinneofar taifid i suíomh slán atá faoi rialú na scoile agus beidh rochtain orthu ag na daoine a bhfuil gá gairmiúil acu leo amháin. Coinneofar agus scríosfar iad de réir bheartas coinneála taifead BOOGR agus na gceanglas cosanta sonraí is infheidhme.

Bainfidh an scoil úsáid as na cuir chuige seo a leanas chun tacú leo siúd a ndéanfar) bulaíocht orthu, iad siúd a bheidh mar fhinné agus iad siúd a léireoidh iompraíocht bhulaíochta (féach Caibidil 6 de ghnásanna Bí Cineálta):

Cuirfear gach tacaíocht agus deis in-scoile ar fáil do dhaltai a fhulaingíonn an bhulaíocht chun

páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a leagtar amach chun a bhféinmhuinín a mhéadú, cairdeas agus scileanna sóisialta a fhorbairt agus seasmhacht a láidriú, e.g.

Córas tréadchúraim na scoile: múinteoirí ábhair, Príomhoidí cúnta, Leas-Príomhoide, Príomhoide agus tacaíochtaí cuí eile.

- Cuirfear comhairleoireacht ar fáil más gá
- Obair i ngrúpaí, cuir i gcás am ciorcail nó cleachtas aisiríoch

Má bhíonn comhairleoireacht nó tacaí breise de dhíth ar dhaltai, déanfaidh an scoil a dicheall dul i gcomhairle leis na gníomhaireachtaí cuí chun é sin a eagrú. D'fhéadfadh sé gur don daltaí a fhulaingíonn an bhulaíocht nó a bhíonn i mbun na hiompraíochta bulaíocht é sin.

Déanfar gach iompraíocht bhulaíochta a thaifeadadh. San áireamh ansin beidh an cineál iompraíochta, cá háit agus cathain a tharla sé, agus dáta an chaidrimh le scoláirí agus tuismitheoirí. Déanfar na gníomhaíochtaí agus na tacaíochtaí comhantaithe chun dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta a dhoiciméadú. Más ábhar imní i an iompraíocht bhulaíochta maidir le cosaint leanai déileálfar leis an gceist gan mhoill de réir Gnásanna um Chumhdach Leanai do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna.

Mir D: Maoirseacht:

Cuirfidh an príomhoide uasdátú ar iompraíocht bhulaíochta i láthair ag gach cruinniú den Bhord Bainistíochta. San áireamh san uasdátú seo beidh líon na n-eachtraí iompraíochta bulaíochta a tuairiscíodh ón gruinni deireanach, líon na n-eachtraí leanúnacha agus líon iomlán na n-eachtraí ó thús na scoilbhliana. Sa chás gur tharla eachtraí iompraíochta bulaíochta, cuirfich an príomhoide uasdátú ó bhéal ar fáil freisin lena n-áirítear nuair is abhartha, eolas a bhaineann le treochtaí agus patrúin a aithníodh, straitéisí a úsáideadh chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta agus aon straitéisí níos leithne chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. Níl eolas pearsanta ná aitheantais san uasdátú seo. Feach Caibidil 7 de ghnásanna Bí Cineálta.

Cuirfear an polasai seo agus leagan atá oiriúnach do scoláirí ar fáil do phobal na scoile ar shuíomh gréasáin na scoile agus i gcóip chrua ach é a iarraidh. Cuirfear an leagan atá oiriúnach do scoláirí ar taispeáint sa scoil.

Déanfar an polasai seo agus a chur i bhfeidhm a athbhreithniú ar bhonn bliantúil nó a luaithe agus is indéanta tar éis athrú ábhartha a bheith ann in aon ábhar dá dtagraíonn an polasai seo.

Sinthe: Conrad O'Ceallaigh
(Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta)

Dáta: 10/07/26

Sinthe: Mairéad Ní Fhatharta
(Príomhoide)

Dáta: 10/07/26